**Leasú 25**
**Dragoş Pîslaru**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
**Juan Fernando López Aguilar**
thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**Tuarascáil** **A9-0059/2024**
**Alice Kuhnke, Antonius Manders**
An Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas chuig náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i mBallstát
(COM(2023)0698 – C9-0398/2023 – 2023/0393(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**–**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

**TREOIR (AE) 2024/...**

**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leathnaítear Treoir (AE) 2024/...[+] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát ▌**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d’Airteagal 79(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[*] Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach, agus tá téacs atá scriosta léirithe leis an tsiombail ▌.

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun feidhmiú na gceart ***saorghluaiseachta atá ag daoine faoi mhíchumas a neartú agus chun feabhas a chur ar na féidearthachtaí do*** dhaoine faoi mhíchumas ***taisteal chuig*** Ballstát eile nó ***cuairt a thabhairt*** ar Bhallstát eile le haghaidh gearr***fhanachta***, bunaítear le Treoir ***(AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[2+], an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna, lena n-áirítear ***formáid*** choiteann chaighdeánaithe ***inrochtana***, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais a bhfuil aitheantas tugtha dó ***nó ar theidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas*** chun rochtain a fháil, ***ar théarmaí agus ar choinníollacha comhionanna,*** ar ***pé coinníollacha*** speisialta nó ar chóir fhabhrach a chuireann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí ar fáil i réimse leathan seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear, nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas go bhfuil aitheantas tugtha dá gceart chun dálaí páirceála agus saoráidí atá in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas ***i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu***.

---

[2] Treoir (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (IO L …, …, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS ... /24 (2023/0311(COD)) agus cuir isteach fonóta, uimhir, dáta, tagairt IO agus tagairt ELI na Treorach sin.

***(2)*** ***Foráiltear le hAirteagal 79 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) gurb é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais a áirithiú, inter alia, go gcuirfear cóir chothrom ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil acu i mBallstáit. Ar an mbonn sin, ba cheart tacar rialacha a leagan síos lena sonraítear na cearta dá dtugtar cóir chomhionann idir tairbhithe Threoir (AE) 2024/...***[+] ***agus na náisiúnaigh tríú tír sin.***

***(3)*** ***I gcomhréir le hAirteagal 67(2) CFAE, déileálfar le daoine gan stát mar náisiúnaigh tríú tír chun críocha na Treorach seo.***

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

(4) ***Chun*** an urraim ***don chóir chomhionainn, don chuimsiú agus don neamh-idirdhealú a neartú***, ***lena n-áirítear i ndáil leis na*** hoibleagáidí ***ábhartha faoin dlí idirnáisiúnta, maidir le*** daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh tríú tír iad atá ina gcónaí go dleathach ***i mBallstát agus nach tairbhithe de*** Threoir ***(AE) 2024/...***[+] ***iad,*** agus ***chun*** aitheantas dá stádas míchumais ***nó dá dteidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas ar fud an*** Aontais a ráthú***, agus ar an gcaoi sin*** rannpháirtíocht agus cuimsiú ***éifeachtach agus iomlán*** na ndaoine ***sin*** ▌ sa tsochaí a áirithiú ar bhonn comhionann le saoránaigh an Aontais, is gá na rialacha, na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir ***(AE) 2024/...***[+] ***a chur i bhfeidhm*** maidir le daoine faoi mhíchumas ar náisiúnaigh ***tríú tír*** iad a bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát ***agus*** a bhfuil a stádas míchumais ***nó a dteidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas*** aitheanta ag an mBallstát sin, ***agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le daoine atá á dtionlacan nó ag cabhrú leo, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta, nó ainmhithe cuidithe. Mar shampla, náisiúnaigh tríú tír*** ar ***tairbhithe iad de chosaint shealadach faoi Threoir 2001/55/CE***[3] ***ón gComhairle nó tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[4 ++]***, ba cheart iad a chumhdach faoin Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát agus go bhfuil a stádas míchumais nó a dteidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas aitheanta ag an mBallstát sin***.

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[3] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

[4] ***Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** **(IO L, ..., ...).**

[++] ***IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.***

(5) ***Ba cheart na forálacha uile i dTreoir (AE) 2024/...***[+] ***a bheith infheidhme*** **mutatis mutandis,** ***de bhua na Treorach seo, maidir le náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.***

(6) ***Go háirithe, cé nár cheart don Treoir seo difear a dhéanamh do rialacha an Aontais is infheidhme lena rialaítear an tsoghluaisteacht ar fud an Aontais do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát, trí aitheantas frithpháirteach dá stádas míchumais nó dá dteidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas ar fud na mBallstát a áirithiú, d'fhéadfadh an Treoir seo feidhmiú cheart na ndaoine sin maidir le gluaiseacht nó taisteal ar fud an Aontais a éascú ar choinníoll go bhfuil an ceart sin chun soghluaisteachta acu cheana féin. Nuair a aistríonn na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach acu do dhaoine faoi mhíchumas nó nuair a thaistealaíonn siad go dleathach laistigh den Aontas, bainfidh siad tairbhe as na cearta aitheantais fhrithpháirtigh faoin Treoir seo.***

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

(7) Dá bhrí sin, ***ba cheart*** do na Ballstáit ***gach*** beart is gá ***a dhéanamh*** chun a áirithiú go mbeidh ***na rialacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/...***[+] ***lena rialaítear*** an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas, faoi seach, ar stádas aitheanta míchumais nó ***ar theidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas, agus*** ar a gceart aitheanta chun dálaí páirceála agus saoráidí atá forchoimeádta do dhaoine faoi mhíchumas, ***lena soláthraítear*** rochtain***,*** ar théarmaí agus ar choinníollacha comhionanna***,*** ar pé coinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear nuair nach gcuirtear na nithe sin ar fáil ar luach saothair, ***agus maidir le*** coinníollacha páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil nó atá forchoimeádta do dhaoine faoi mhíchumas***, agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le daoine*** atá á dtionlacan nó ag cabhrú leo*,* lena n-áirítear ***cúntóirí*** pearsanta, ***gan beann ar a náisiúntacht, nó maidir le hainmhithe cuidithe,*** beidh feidhm chomhionann acu maidir le náisiúnaigh ***tríú tír*** atá ina gcónaí go dleathach san Aontas***. Maidir le cearta a sholáthar do na náisiúnaigh tríú tír sin chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach, nó ar dhálaí páirceála agus saoráidí a fhorchoimeádtar do dhaoine faoi mhíchumas ar an mbealach céanna leis na cinn dá bhforáiltear do thairbhithe Threoir (AE) 2024/...***[+], ***ní dhéanann sé difear do na rialacha maidir le náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach ar chríoch na mBallstát***.

***(8) Moltar do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/...***[+] ***do náisiúnaigh tríú tír faoi mhíchumas a chumhdaítear faoin Treoir seo i dteanga a thuigfidh siad nó i dteanga ar den réasúntacht é go dtuigfidh an duine sin í.***

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

(9) ***Tá baol méadaithe ann go mbeidh náisiúnaigh tríú tír faoi mhíchumas faoi réir cineálacha iomadúla idirdhealaithe. Luaitear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas go bhfuil mná agus cailíní faoi mhíchumas faoi réir cineálacha iomadúla idirdhealaithe, agus foráiltear ann go ndéanfaidh na Stáit is Páirtithe bearta chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom acu. Aithnítear faoin gCoinbhinsiún freisin na dálaí deacra a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas atá faoi réir cineálacha iomadúla nó géaraithe idirdhealaithe ar bhonn cine, datha, gnéis, teanga, reiligiúin, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, bunús náisiúnta, eitneach, dúchasach nó sóisialta, maoine, breithe, aoise nó stádais eile.***

(10) ***Ba cheart náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chumhdach freisin le hoibleagáidí an Choimisiúin de bhun Airteagal 20 de Threoir (AE) 2024/...[+]. Ba cheart a áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún dá dtagraítear san Airteagal sin freisin anailís ar chásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as idirdhealú trasnach, a thuigtear mar idirdhealú bunaithe ar mheascán de mhíchumas agus d'aon fhoras eile atá faoi chosaint faoi Threoracha 79/7/CEE[5], 2000/43/CE[6], 2000/78/CE[7] nó 2004/113/CE[8] ón gComhairle, ina ndírítear go háirithe ar mhná agus ar chailíní faoi mhíchumas.***

▌

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[5] Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24).

[6] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (OJ L 180, 19.7.2000, lch. 22).

[7] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

[8] Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 ▌ de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

▌

(12) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(13) Maidir le cuspóir na Treorach seo, is é sin ***rialacha, cearta agus oibleagáidí Threoir (AE) 2024/...***[+] ***a shíneadh chuig*** daoine faoi mhíchumas ▌ ar náisiúnaigh tríú tír iad a bhfuil cónaí dleathach orthu i mBallstát agus ***nach tairbhithe Threoir (AE) 2024/...***[+] ***iad agus na rialacha, cearta agus oibleagáidí sin a shíneadh chuig daoine atá in éineacht nó a chuidíonn leo, a gcúntóirí pearsanta san áireamh, nó chuig ainmhithe cúnaimh, agus ar an gcaoi sin a éascú go bhféadfaidís*** bogadh go Ballstáit eile ▌, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr is féidir, mar gheall ar scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat rialacha agus dálaí coiteanna, an cuspóir a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag ***na rialacha, na ceart agus na hoibleagáidí*** a leagtar síos i ▌ dTreoir (AE) ***2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[9+] maidir le náisiúnaigh ***tríú tír a bhfuil cónaí dleathach orthu i mBallstát nach tairbhithe*** na Treorach sin iad ***agus*** ar aithin an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais ***nó a dteidlíocht seirbhísí sonracha a fháil bunaithe ar mhíchumas agus*** a gcearta chun dálaí páirceála agus saoráidí a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas amháin, chomh maith leis na daoine atá in éineacht nó a chuidíonn leo, ***cúntóirí*** pearsanta san áireamh, ***nó ainmhithe cúnaimh*** mar a shainmhínítear in Airteagal 3 ▌, pointí 4 agus 8 den Treoir sin, faoi seach.

•

9 Treoir (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (IO L …, …, ELI: …).

\+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS ... /24 (2023/0311(COD)) agus cuir isteach fonóta, uimhir, dáta, tagairt IO agus tagairt ELI na Treorach sin.

*Airteagal 2*

Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn 'náisiúnach ***tríú tír***' aon duine ***nach*** saoránach de chuid an Aontais é de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE ▌.

*Airteagal 3*

Ní bheidh tionchar ag an Treoir seo ar na rialacha ▌ is infheidhme ▌ lena rialaítear soghluaisteacht ar fud an Aontais do náisiúnaigh ***tríú tír*** atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát.

***Airteagal 4***

***Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh chun freastal ar riachtanais shonracha teanga náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear trí éascú teanga, de réir mar is iomchuí.***

***Airteagal 5***

***Déanfar náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a chumhdach le hAirteagal 20 de Threoir (AE) 2024/...***[+]***.***

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá in PE-CONS .../24 (2023/0311(COD)).

*Airteagal 6*

1. Na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, ***déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... [30 mí ó*** dháta ***theacht i bhfeidhm na*** Treorach ***seo***]. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ***ón … [42 mhí ó*** dháta ***theacht i bhfeidhm*** na Treorach ***seo***].

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na ***bearta*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó ***beidh*** tagairt mar sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ***Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar*** tagairtí mar sin.

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 8*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

Or. en